# Tionscadal Stairsheanchas Phort Láirge Éagsúil – Céim ar Chéim

## CÉIM 1: RÁITEAS TIONSCADAIL

Cruthaigh ráiteas tionscadail soiléir agus é mar aidhm agat na hagallaimh a liostáil do dhaoine le hathbhreithniú. Luaigh na topaicí ar a ndíreoidh an tionscadal agus sainaithin na hagallaithe atá in ann labhairt ar na topaicí aitheanta. Seiceáil ar mhaith le do phobal cóipeanna a chur ar fáil freisin den Tionscadal do Chomhairle Contae agus Cathrach Phort Láirge chun rochtain phoiblí a chur ar fáil trí Sheirbhísí Leabharlainne agus Cartlainne agus ligean do chaomhnú i gCartlanna Chathair agus Chontae Phort Láirge.

## CÉIM 2: AGALLAÍ A SHAINAITHINT

Uaireanta d'fhéadfadh sé go raibh agallamh curtha ar dhuine cheana féin mar chuid de Thionscadal Stairsheanchais eile agus d'fhéadfadh sé gur labhair sé ar feadh i bhfad ar an topaic/na topaicí. Mar sin, tar éis agallaí féideartha a shainaithint i do cheantar cuir ríomhphost chuig culture@waterfordcouncil.ie le h*Ainm, achoimre ghearr*: *(Feirmeoir, bean ghnó, ceoltóir, staraí), Suíomh, réimse spéise agus sonraí teagmhála* le cinntiú nach bhfuil an duine curtha faoi agallamh ar an topaic/na topaicí cheana féin. Beidh an fhoireann ag Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge in ann seiceáil más ann d'agallamh cheana féin do thaighdeoirí tríd an Leabharlann nó Seirbhísí Cartlainne.

- ✓ Mínigh an próiseas um Fhoirm Thoilithe go soiléir ón gcéad teagmháil (Féach céim 3)
- ✓ Bí soiléir go mbeidh an taifead curtha ar fáil do Thionscadal Stairsheanchais Phort Láirge Éagsúil agus ní agallamh amháin atá ann, agus mar thoradh air sin, go gcuirfear ar fáil é tríd an Leabharlann agus na Seirbhísí Cartlainne do thaighdeoirí agus go gcaomhnófar an t-agallamh go buan mar chuid de bhailiúchán Cartlainne Chathrach agus Chontae.

## CÉIM 3: SEICLIOSTA DON AGALLAMH

- ✓ Taifeadán Digiteach/ Cadhnraí cúltacaithe/Leabhar Cúnta Allamuigh (Clúdach Crua A4) & Peann
- ✓ Fillteán Bailitheora (Foirm Thoilithe, Bileog Tuairisce Agallaimh, Nótaí Agallaimh ar Chlúdach Crua A4)
- ✓ Is féidir trealamh taifeadta a chur in áirithe le Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge ar culture@waterfordcouncil.ie

## CÉIM 4: AN tAGALLAMH A DHÉANAMH (Na Príomhbhreithniúcháin)

**Taighde agus Ullmhúchán:** Smaoinigh **Duine - Áit - Saol** agus tabhair an méid seo a leanas faoi deara

1. Cad atá ar eolas agat faoin duine, cé as é, cúlra, spéiseanna etc.
2. Cad atá ar eolas agat faoi chúlra agus spéiseanna an agallaí
3. Cad iad na himeachtaí ar leibhéal áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta a bhí ar aon dul lena shlí bheatha
4. Déan teagmháil leis an agallaí, más féidir agus cuir ceist air/uirthi faoina (h)áit chónaithe agus a shaol go ginearálta

**Eitic**: Lean an próiseas toilithe - Cinntigh go bhfuil a fhios acu céard faoi a bhfuil an tionscadal, cá gcríochnóidh sé, inis faoin tionscadal ag tús an taifeadta agus faigh toiliú scríofa ag an deireadh.
**Torann:** Cinntigh go bhfuil an spás agallaimh chomh rialaithe agus is féidir, faigh réidh le torann sa chúlra, Teilifís, Raidió (fiú i seomra béal dorais), bristeacha féideartha, cas as an fón etc.
**Scileanna Agallaimh:** Lean do 'Chúrsa Fiosrúcháin' ach lig do chlaonadh tarlú anois is arís. i.e. Tá tú ar an bpríomhbhóthar ach is féidir na cúlbhóithre a thógáil chomh fada is a thagann tú ar ais.

**Ag tús gach agallaimh, nuair a thosaíonn tú an taifeadadh, luaigh go soiléir:**

- ✓ Dáta agus suíomh (NÍ SEOLADH) an agallaimh
- ✓ Ainm an agallaí
- ✓ D'ainm féin agus gaol, más ann, leis an agallaí (Ainmnigh daoine eile sa seomra más ann dóibh)
- ✓ Go bhfuil an t-agallamh á thaifeadadh le haghaidh Do Thionscadal Pobail agus go sábhálfar é mar chuid de Thionscadal Stairsheanchais Phort Láirge Éagsúil
- ✓ Lean an méid thuas leis na hagallaimh bhreise leis an duine céanna ach tabhair faoi deara an 2 nó an 3ú agallamh srl.
- ✓ Glac grianghraf den agallaí (má aontaíonn siad) agus míreanna a bhaineann leis an agallamh

## CÉIM 5: TAR ÉIS AN AGALLAIMH

- ✓ Go díreach tar éis an agallaimh, críochnaigh do Bhileog Tuairisce Agallaimh (Leathanach amháin cóip chrua)
- ✓ Tabhair ar ais an taifeadán digiteach (má glacadh ar iasacht é) chuig Leabharlanna Chathair agus Chontae Phort Láirge ar do luathchaoithiúlacht
- ✓ Críochnaigh do Shliocht as Agallamh ar chóip bhog chomh luath agus is féidir tar éis an agallaimh (Cuirfear oiliúint ar fáil faoi seo dóibh siúd a theastaíonn sé)
- ✓ Cuir do thaifead i dtaisce leis an bhfoirm thoilithe sínithe lena bhaineann chuig Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge
- ✓ Tabhair ar ais an fhoirm theibithe agus na grianghraif chríochnaithe chuig culture@waterfordcouncil.ie